

Ó CAODHÁIN AGUS AN TÁDh.

Bhí aithne agam ar Thomás ó Mainín a bhí i nGaillimh. Ba as Coill a' Bhosaigh é. Phós sé bean de Cheallach – Brigid ní Cheallaigh aniar as an Áird, Áird a' Chaisleáin. Bhí teach agus yard aige i Sráid Flood. Bhí ceathar nó cúig de bha bainne aige agus é ag díol bainne. Bhí sé ina stíobhard ag an bhfear a raibh aonach Cnoc a' Doláin agus ag lucht an tighe soluis ar Oileán na gCaorach. Sean-aonach a bhí i gCnoc an Doláin. Ní raibh trácht ar aon aonach eile i nGaillimh san am. Is ann a bhí an t-aonach nuair a bádhadh muinntir Eanach Cuain.

Bhí dreatháir ag an Tomás seo Liam ó Mainín, bhí se pósta ag colceathar do mo mháthair, Mairéad Nic Dhonnchadha. Chaith mé ráithe i n-éinfeacht leis i nGaillimh.

Ba colceathar dóibh an Dochartach a marbhuigheadh sa gCarraigín i n-aice le Creachmhaoill.

Marbhuigheadh mar gheall ar ghabhaltas talmhané a thóg sé. Leigeadh an capall amach as an stábla sa oidhche. Chuaidh sé amach i ndiaidh an chapaill. Nuair a tháinig sé amach caitheadh é. Bhí fear de na Dochartaigh seo a bhí saidhbhir. Ba inghean dó máthair Thomáis Uí Chaodhaoin a raibh siopa aige i nGaillimh. Nelly Ní Dhochartaigh a bhí ar an mbean. Bhí cloch go leith sobharán ag an gCaodhánach seo. Sin é a mheádh an t-ór a bhí aige. Chuaidh sé lá go dtí an bank le trí shobharán go bhfaghadh sé trí fichid sgilling ortha. Leag sé isteach ag an gcléireach iad. Leag an cléireach amach trí páipéar aige. Nuair a tháinig sé abhaile agus gur fhosgail sé na trí páipéar bhí trí fichid sobhrán istigh ins na trí pháipéar.

"Céard a dhéanas mé?" adeir sé leis an mbean. "Ó céard a dhéanas tú ach é a chur ar ais" adeir sí.

Shiubhail sé suas ag an mbank arís agus dubhairt sé leis an bhfear go ndearna sé contráilte é go dtug sé trí fichid sobharán dó i leabaidh trí fichid sgilling.

"Is ait a fear thú" adeir fear a bhainc nuair a leag sé i dtaisge na trí fichid sobharáin. "Ná raibh an t-ádh ort nár choinnigh é nuair a bhí sé agad." Ón lá sin bochtuigheadh anuas é ní raibh áit ar bith nar chuir sé láimh ná cos nach raibh an mío-ádh ag teacht air, nuair a thug sé cúl a láimhe don ádh. Duine ar bith a mbéidh an t-ádh air nuair a iompóchas sé uaidh níl aon mhaith dó ag cainnt.

Micil- 7-11-33.